

Múinídh dom glao:

Éifeacht mhothálach an ghairmigh
ag filí na Gaeilge

Michelle O Riordan

An Chéad Eagrán 2016
© Michelle O Riordan

ISBN 978-1-909907-99-7

Gach ceart ar cosnamh. Ní ceadmhach aon chuid den fhoilseachán seo a atáirgeadh, a chur i gcomhad athfhála, ná a tharchur ar aon mhodh ná slí, bíodh sin leictreonach, meicniúil, bunaithe ar fhótachóipeáil, ar thaifeadadh nó eile, gan cead a fháil roimh ré ón bhfoilsitheoir.


Clóchur agus dearadh: Caomhán Ó Scolai
Clódóireacht: Clódóirí Lurgan



Foras na Gaeilge

Tugann Foras na Gaeilge tacaíocht airgid do Leabhar Breac

Foilsithe ag Leabhar Breac
i gcomhar le hIonad an Léinn Éireannaigh



LEABHAR BREAC
Indreabhán, Co. na Gaillimhe
Teil: 091-593592

Réamhrá

Sa chianaimsir tuigeadh tábhacht ar leith a bheith ag baint le húsáid an ainm dhílis.² Léiríonn an Bíobla céim shealúchais le feidhm an ainmniúcháin: ghair Dia Ádhamh *as a ainm* agus tuigeadh céim nó stad as seilbhe leis an ngníomh. Tugadh cuireadh d'Ádhamh — ar leibhéal ab ísle — agus ar thuiscint níba theoranta — na beithígh a ainmniú, agus dá réir sin, ceannas a ghlacadh orthu (*Gen. 2:19*).³ Ar leibhéal eile arís, d'éiligh filí cumhachtaí áirithe dóibh féin, agus ar na cumhachtaí sin, níor leasc leo gnéithe d'fheidhm an ainmniúcháin a ghlacadh chucu féin.⁴ Is le hainmniú foirmiúil a cheaptaí ríthe agus taoisigh i measc na nGael, agus ba phribhléid de chuid uaisle éagsúla an t-ainmniú a dhéanamh — an rí/taoiseach nua-thofa a fhógairt lena ainm a ghairm os ard.⁵

Ba fair deisidh lasna maithibh agus la hUa nDomhnaill feisin (o ro airighestair a eairte agus aidhble a aoisi) a thighernus do thelgedh dia mac .i. do Aodh Ruadh agus Ó Domhnaill do ghairm dhe.... Do rattadh an tairchindeach dia saigidh Ua Firghil atacomhnaic. Ro oirdnestairsidhe an tAodh Ruadh hi ccennacht na críche la forchongra agus la beandachtain a athar agus do roine ord an anma feib as techta roba gnath dia chenél gósin agus dogara O Domhnaill de.

[D'aontaigh Ó Domhnaill agus na huaisle agus a chomhairleoirí go raibh sé in am dóibh — agus seanaois Uí Dhomhnaill san áireamh acu — an tiarnas a bhronnadh ar a mhac, Aodh Ruadh, agus Ó Domhnaill do ghairm

de... Cuireadh fios ar an airchinneach, Ó Firghil, ... agus d'ainmnigh sé Ó Domhnaill de réir ghnáthamh an phobail.]

Léiríodh agus léirítear céim sheilbhe leis an ainm dílis. Is féidir coibhneas nó cumann nó cóngaireacht ar leith a léiriú le húsáid agus le mí-úsáid an ainm dhílis. Shamhlódh duine céim nó stádas ar leith a bheith aige le duine, maith olc, ach an t-ainm dílis a bheith acu ar a chéile, nó ar dhuine amháin ag an duine eile gan a mhalairt a bheith i gceist. Meas, dímhneas; cion, fuath; fíor-aithne, bréag-aithne; uasal le híseal; sinsear le sóisear; bocht le saibhir — is féidir na céimeanna seo go léir a chur in iúl le ciútaí trína mbaintear leas nó aimhleas as an ainm dílis. Is é an t-ainm dílis, chomh maith, an príomhchóras sa teanga a shonraíonn duine ar leith seachas a chéile agus a sheachnaíonn córais thimchainte cáilithe eile. D'fhéadfadh an t-ainm clainne gaol idir daoine, agus idir daoine agus áiteanna, a chur in iúl chomh maith.

Ní hannamh ainmneacha dílse a bheith luaite i ndánta i litríocht na Gaeilge ón tréimhse is luaithe. Scaipthe trína maireann den litríocht dhúchasach, tá ainmneacha fear agus ban (agus ainmhithe i gcásanna áirithe). Ainmneacha is ea cuid acu atá anois lonnaithe sa traidisiúin agus a mhúsclaíonn macallaí as a chéile i samhlaíocht an éisteora, nó, b'fhéidir, níos minice, in aigne an léitheora. Baineann lua ainmneacha le gach *genre* den fhilíocht i litríocht na Gaeilge, idir an litríocht léannta agus an litríocht neamhléannta. Nó i bhfocail eile, litríocht a shamhlaímid le haicmí a bhí oilte i gcúrsaí litríochta agus le haicmí nár chleacht léamh ná scríobh mar ghnáthchuid dá ngníomhacht laethúil.

Ní bheidh ach turas dromplach á thabhairt ar ghnéithe ar leith d'úsáid an ghairmigh sna dánta atá roghnaithe anseo, ó liricí na Meánaoise go dtí na dánta is nua-aimseartha. Agus laistigh den phlé sin arís, ní bheidh ach na tréithe agus na

dánta is mó a bhfuil mothú agus mothálacht ar leith le braistint orthu, á gcur san áireamh.

Sna réimsí brí agus céille atá le tuiscint as na téarmaí: mothú, mothúchánach, mothálach, maoithe, agus maoithneach, tá tomhas agus braistintí an duine aonair, an éisteora, an léitheora le cur san áireamh. Ní hionann éifeacht na gciútaí reitriciúla ar gach aon duine, agus ní féidir éifeacht mhothálach, ná buille mothúchánach aon líne, ná aon chasadh reitriche, ná aon ráitis allabhrach a thomhas in aon chás ar leith. Is mar phatrún úsáide, más ea, atáthar ag féachaint ar úsáid an ainm dhílis sa ghairmeach sa leabhrán seo. Agus is laistigh de thuiscint a bhaineann leis na patrúin seo atáthar ag féachaint ar théarmaí a iompraíonn lastas mothúchánach mar ghné dá n-úsáid reitriciúil.

Tá feidhm ar leith ag an ngairm dhíreach ar an duine i bhfoirm labhartha. Sonrú do-sheachanta is ea an t-ainmniú díreach. ‘Ainmnítear’ daoine mar ghradam agus chun aithise nó mar chéim smachtaithe. Mar shampla, i bParlaimint na Breataine Móire ní bhaintear úsáid as ainmneacha dílse i ndíospóireachtaí parlaiminte i dTeach na dTeachtaí, ach tagraítear do dhaoine i leith a gceantar parlaiminte, nó i leith a bhfeidhme sa rialtas. Ach baintear leas as an ainmniúchán díreach chun teachta a smachtú, agus baineann sé le húdaráis an Spéicéara go gceadaítear dó an ciontach a ‘ainmniú’, is é sin le rá, a ainm dílis a úsáid mar fhógra smachtaithe a dhíbríonn an Teachta as Teach na dTeachtaí ar feadh tréimhse áirithe ama.

Lasmuigh d’fheidhm an ainm dhílis sa ghairmeach, tá an leas a baintear as na forainmneacha pearsanta, an ‘tú’, an ‘tusa’, an ‘sibh’ agus as an ainm ceana. Iompraíonn an gairmeach agus úsáid na bhforainmneacha pearsanta ualach na mothálachta i réimsí áirithe dán i litriocht na Gaeilge.⁶ Is ar fhoirm an ghairmigh a bhaineann leas as an ainm dílis amháin a bheidh aird an leabhráin seo dírithe: áiteofar go bhfuil feidhm an

ghairmigh mar chiúta reitriciúil sa chéill sin, tráite le himeacht aimsire agus le hathrú nósmaireachtaí.

Más ea, cé go maireann an apastróf [nuair a labhraítear go díreach le neach nó le duine, nó le rud ar bith laistigh de dhán, mar shampla, tugtar ‘apastróf’ ar an gciúta liteartha sin] i gcoitinne mar chiúta reitrice i litríocht na Gaeilge, ba dheacair a áiteamh go maireann feidhm an ghairmigh i bhfoirm an ainmniúcháin dhírigh chun grádú agus céimniú mothálach a phoncú, nó a shonrú, mar a dhéantaí go dtí tosach na haoise seo caite. Áitíonn M. Whelton go maireann fórsa na hapastróife sa nua-litríocht agus go bhfuil sí fós feidhmitheach chun caidreamh agus cumainn idir dhaoine a léiriú:

Más fíor gur tháinig toise níos egolárnaí neamhthraidisiúnta, faoi chlónna éagsúla, chun tosaigh i bhfilíocht apastrófach na haoise seo caite agus na filí ag iarraidh déileáil le dúshlán na nua-aimsearthachta agus leis an stoiteachas pearsanta, is fíor freisin go bhfuil na buanna is buanseasmhaí de chuid na hapastróife fós á gcur chun tairbhe ag filí ár linne.⁷

Is léir nach ann, go forleathan a thuilleadh, an dán/an phaidir ina labhraítear go díreach leis an ndiacht as a ainm(neacha).⁸ Ní hé go bhfuil aon laghdú tagtha ar an ngairmeach forránach, ná ar an bhfoirm agailte labhartha, ach nach mbaintear úsáid mheáite chomh minic sin a thuilleadh as an ainm dílis a fhí isteach is amach sa liric nó sa dán chun mothálacht a léiriú, ná chun teannais ealaíonta a chruthú, mar a dhéantaí.⁹

Bíonn feidhm níos fairsinge ag an ainmniúchán, agus ag an saghas gairmigh dhírigh atá faoi chaibidil anseo, i sochaí fhoirmiúil, agus i gcultúr céimlathach. Tagann lagú feidhme ar fhórsa agus ar fheidhm an ainmniúcháin den gcineál atá le plé anseo i sochaí go mbíonn ídiú ar úsáid teideal inti, agus go mbíonn neamhfhoirmiúlacht dileagra idir daoine ag teacht i dtreis, nó ina norm sóisialta. Is tearc iad na hócáidí anois sa tsochaí go mairimid inti go mbíonn teoranna dochta ar ócáidí

go ngairmeofaí daoine dá n-ainmneacha dílse, ná mórán cosc eile ar fhoirmlí éagsúla comhráite.

Sa chomhthéacs sin, is fiú féachaint ar ghnéithe d'úsáid an ghairmigh i litríocht na Gaeilge a léiríonn a éifeachtaí is a bhí sí nuair a bhain rialacha dochta le nósmaireacht an ainmniúcháin phearsanta.

I gcaitheamh na tréimhse ó chéadiarrachtaí scríofa cruthaitheacha i nGaeilge go dtí an lá inniu, feictear go n-imíonn aire an fhile — sna foirmlí scríofa — ó ghairm dhóchasach ar an ndiagacht, go hachainí ar thiarnaí saolta agus moladh orthu, go haggailt ar dhaoine tábhachtacha éagsúla, go dtí tláithínteacht ar leannáin ainmnithe, go haithisc ar an tír mar bhean, go dtí tuairisc ar an nduine sonraithe ainmnithe, go dtí neamhainmniú agus an ghairm 'os ard' ar an bhfolús.

Oireann an stíl don aimsir: d'athraigh na comharthaí foirmeáltachta le céad bliain anuas, agus orthusan, bhí nósmaireachtaí a bhain le foirmeáltacht agallaimh. Leis sin, d'imigh feidhm an ghairmigh as an ndioscúrsa fileata. Féachfar anseo ar ghnéithe den dioscúrsa so agus rianófar tréithe áirithe a bhaineann leis.

An Ghuí

Ag leanúint de norm cultúrtha na n-aoiseanna luatha, samhlaíodh gach focal scríofa (go gairmiúil, nó go hoifigiúil) a bheith faoi choimirce Dé. Níor cheadmhach don ainchreidmheach a (h)easpa creidimh a nochtadh i bhfoirm scríofa, agus níor glacadh, go hoifigiúil, leis an seasamh ainchreidmhí. Tuigeadh, más ea, gurbh é Dia, aon Dia amháin na nGiúdaíoch agus na gCríostaithe, a bhí á mhóradh sa bhfocal scríofa. Ach laistigh den mhacra-thuiscint seo, bhí micrea-thuiscintí a d'fhág daoine saor go leor chun gach réim litríochta a chleachtadh os ard nó os íseal. Caitheadh dua nár bheag — ag teacht timpeall ar phágántacht na gclasaicí — le clis fhealsúnata, le ciútaí oilte na díospóireachta, agus le gach uirlis eile a bhí i seilbh scoláirí na meánaoiseanna chun taitneamh, tairbhe agus tathag a bhaint as stóras saibhir na gclasaicí a raibh teacht acu air.¹⁰ Is ar thoradh scagtha na scoláirí agus na bhfilí a dhíreófar anseo más ea; ar rogha theoranta as a maireann dá saothar gan tagairt a dhéanamh dá gcúis ná dá gcóras scagtha, ná gan anailís a dhéanamh ar chúlra a rogha.

Ag tosnú dóibh, mar dhaoine a shaothraigh an litríocht ina dteanga dhúchais, is áirithe gur chleacht na filí luatha a d'fhág a rian ar an dtraidisiún, stíl a chuir Dia i lár na cumadóireachta. Moladh Dé agus mórath a chruthaitheoireachta is ábhar do go leor dar cumadh sa tréimhse is luaithe. Lasmuigh den ábhar a cuireadh ar fáil i Laidin, agus lasmuigh de thráchtairacht agus d'aistriúcháin ar ábhair dhiaga, cumadh liricí diaganta agus paidreacha siollacha. Uaireanta chleachtaí stíl an-simplí, an-díreach, an-phearsanta, sna dánta/paidreacha/liricí seo.¹¹

Sa tréimhse is luaithe a bhfuil teacht go héasca ar a hábhar inti (ón 7ú haois) is nós leis an dán diaga Dia a mholadh, a chruthaitheoireacht a mhóradh agus táirgí a chruthaitheoireachta — an dúlra agus a chréatúirí — a chanadh. Is gnáth leis na filí a d'fhág ábhair dhiaga ina ndiaidh an duine daonna a cháineadh ar a pheacúla agus ar a laige i leith a chathuithe, agus ar a neamhdhiongbháiltacht i leith an Chruthaitheora. Fágann san go mbíonn rian den gcáineadh ceilte sa mholadh agus tugann an chodarsnacht fhealsúnta seo doimhneas agus tathag d'aon dán/phaidir. Ach, ón uair gur dia uilechumhachtach atá sa té a bhfuiltear á ghairm i ndán, i nguí, i bpaidir, is minicí achainí seachas aon chineál eile aithisc nó dileagra sa liric dhiaga. Ina shaothar, *Poetry, Signs and Magic*, pléann T.M. Greene cumhacht na guí agus a cineál. Tuigtear moladh na dtréithe, na gcáilíochtaí agus na n-aitreabúidí a bheith ina ngnéithe de ghairmeach na guí. Baineann éifeacht agus feidhm an ghairmigh faoin ainm dílis leis an gcumhacht a samhlaítear, nó a shamhlaítí leis an nguí. Deir sé:

Poetic invocations pretend to behave as if the speaker had magical power, and there exists strong evidence that the verbal techniques we associate with versification did not in fact first enter human culture to gratify esthetic pleasure but rather to make something happen (or to prevent its happening). Part of the evidence is etymological; in a large number of languages, the usage of a word such as *carmen* to mean 'charm' appears to have preceded its usage as 'poem'; (... compare chant and enchantment in English).¹²

Leagtar an liric seo ar Mhaol Íosa Ó Brolcháin¹³ (d'éag 1086). Cléireach clúiteach ab ea é a thosnaigh a shaol scolártha in Ard Mhacha agus a fuair bás ar oilithreacht go Lios Mór:¹⁴

A Choimdiu baíd,¹⁵
a Rí na rí, a Athair inmain,
airchis dí. m.

[A Thiarna grámhar, a Rí na Rí, a Athair ionúin, bíodh trua agat dom.]

‘A Meic Dé bí’ (r. 3c), agus ‘a Rí na rún’ (r. 3d), a thugann Ó Brolcháin ar Dhia sna ranna eile (cúig rann in eagrán Uí Mhurchú). Is ag guí chun Dé atá sé go gcosnódh sé é ar an ‘deman dub doim’ (r. 5b). Ag achainí, arís, go gcoimeádfaí ó shalú an tsaoil é, is ar Dhia go díreach a chuireann sé a ghuí:

A Choimdiu, nom-choimét,
etir chorp is anmain,
etir iris n-inglain
co ndigius fon talmain (r. 1)¹⁶

[A Thiarna, coimeád mé, dílis don bhfirinne idir anam is corp, go dté mé faoin gcré.]

Agus feasta, ‘a Íosa meic Maire’ (r. 2b); ‘a Chríst’ (r. 5b); ‘a Meic mo Dé deithnig’ (r. 10b). San iomann a leagtar air,¹⁷ ‘*Deus meus, adiuva me*’, is léir gur ag guí go díreach ar Dhia atá Maol Íosa, agus an gairmeach leis an ainmniúchán (más féidir ainm dílis a shamhlú leis an ndiagacht) go fairsing tríd an iomann: ‘*a meic mo Dé*’ (r. 1b, c); ‘*a Rí rán*’ (r. 2b, c); ‘*Domine*’ (r. 3a, d); ‘*a meic dil Dé*’ (r. 6b, c); ‘*Domine mi*’ (r. 7a); ‘*a Dé*’ (r. 7b, c). Achainí dhíreach ar Dhia is feidhm don ngairmeach sna liricí seo. Ach laistigh d’fhoirmiúlacht na guí féin, agus na bhfoirmilí atá le samhlú léi, éiríonn leis an bhfile grádú agus éagsúlachtaí deismínteacha a léiriú le córas ainmniúcháin a théann ó ‘*Dia*’, go ‘*Íosa meic Máire*’, go dtí ‘*a Chríst*’, agus ‘*a Meic mo Dé deithnig*’: ag imeacht ó uilíocht an ‘*Dé*’, go sonraitheacht an ‘*Meic mo Dé dheithnig*’, go pearsantú ‘*A Chríst*’, go muintearthacht ‘*a Íosa meic Máire*’. Léirítear sealbhaíochas an cheana leis an bhfriotal sealbhach: ‘*a Meic mo Dé dheithnig*’. Cáilítear ‘*Dia*’ anseo, mar mholadh, gan amhras, ach feidhmíonn an cáiliú seo mar chéimniú i dtreo an cheana. Is le hionramháil ghairmeach na n-ainmneacha

dílse a crutháítear beocht agus ilghnéitheacht agus mothálacht
sna liricí seo.

Miotas, agus Pearsana Miotais agus Litríochta

Sna réimsí nach mbaineann le fíricí sochruthanta na staire (más ann dá leithéid), lasmuigh de shaol an chreidimh, agus laistigh de shaol na miotaseolaíochta, is iad na scéalta a chruinnigh timpeall ar phearsana na bhFianna féin is aitheantúla i measc na n-ábhar a sholáthraíodh mianach do scoláirí agus do lucht léinn ar theastaigh uathu scéalta agus dánta a chumadh. Más ea, ní do dhaoine a mhair, ná do phearsana stairiúla i dtréimhse aitheanta atá aire an fhile a chum aistí agus dánta go n-aithnítear faoin dteideal coiteann ‘Laoithe Fiannaíochta’ anois iad, ach do thógáil ar eachtraí agus ar scéalta agus ar phearsana a bhí seanbhunaithe, agus so-aitheanta: scéalta ar phearsana lárnacha iontu, Fionn, Oisín, Diarmuid, Gráinne, Caoilte, etc.¹⁸ Dánta fada eachtraíochta, eachtraí iontais, cathanna agus comhlainn agus bruíonta, scéalta draíochta, seilgí, duanta inste, liricí agus scéalta próis atá sa chorpas fiannaíochta.¹⁹ Suíonn G. Murphy²⁰ gníomhaíocht na bhFianna am éigin sa tríú haois. Glactar leis nach mbaineann na liricí seo le daoine beo a raibh aithne ag an bhfile orthu. Ciúta drámatúil agus bunchloch na litríochta is ea é go samhlaítear saol agus beith agus beatha le pearsana stairiúla, miotasúla agus nua-chumtha. Ina shaothar *Poetry’s Touch*, áitíonn W.A. Waters go mbaintear leas as an agallamh díreach chun an t-aitheantas nó an chomhbhraiteacht a chothú:

Past figures and unborn ones, then, are sometimes addressed in poetry as a way of understanding them, bringing them